# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1447 ÓN gCOIMISIÚN

## an 3 Meán Fómhair 2021

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí torthaí citris áirithe arna n-ullmhú nó arna leasú (eadhon mandairíní etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad, agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Allmhairí torthaí citris áirithe arna n-ullmhú nó arna leasú (eadhon mandairíní, etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, is allmhairí iad atá faoi réir dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534 ([2]) ón gCoimisiún.

(2) Maidir le Toyoshima Share Yidu Foods Co., Ltd ([3]), cód breise TARIC ([4])A889, cuideachta atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne a bhfuil torthaí citris áirithe arna n-ullmhú nó arna leasú (eadhon mandairíní, etc.) á n-onnmhairiú go dtí an tAontas aici, allmhairí atá faoi réir na dleachta frithdhumpála luach EUR 499,6 an tona glanmheáchain den táirge, is amhlaidh a chuir sí in iúl don Choimisiúin gur athraigh sí a hainmníocht go “Hubei Fomdas Foods Co., Ltd, Yidu, Hubei” ón 22 Eanáir 2008.

(3) Tar éis don chuideachta a hainm a athrú, d’iarr sí ar an gCoimisiún an 31 Márta 2021 a dheimhniú nach ndéanann an t-athrú san ainm difear don cheart atá ag an gcuideachta tairbhe a bhaint as an ráta dleachta le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla a raibh feidhm aige maidir léi faoin ainm a bhí uirthi cheana. Thug an chuideachta le fios go soiléir agus go sonrach gurb éard is áil léi go dtiocfadh an t-athrú ainm i bhfeidhm ón dáta a rinne sí a hiarraidh ar an gCoimisiún, is é sin ón 31 Márta 2021.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh, agus is é ba chonclúid don scrúdú go raibh an t-athrú ainm cláraithe i gceart leis na húdaráis ábhartha, agus nach raibh aon chaidreamh nua ann le grúpaí eile cuideachtaí mar thoradh air, cuideachtaí nár imscrúdaigh an Coimisiún. Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534, ná go háirithe don ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis.

(5) I bhfianaise na haithrise thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534 a leasú chun ainm athraithe na cuideachta a léiriú, ainm a sannadh roimhe seo do chód TARIC breise A889.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí torthaí citris áirithe arna n-ullmhú nó arna leasú (eadhon mandairíní, etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 351, 22.10.2020, lch. 2).

([3]) Is mar tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch nár áiríodh sa sampla a liostaítear an chuideachta sin san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1534.

([4]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534 mar a leanas:

"Toyoshima Share Yidu Foods Co."

Cuirtear seo ina ionad sin:

"Hubei Fomdas Foods Co., Ltd, Yidu, Hubei".

2. An cód breise TARIC A889a sannadh cheanado Toyoshima Share Yidu Foods Co., Ltd, is cód é a mbeidh feidhm aige maidir le Hubei Fomdas Foods Co., Ltd, Yidu, Hubei ón 31 Márta 2021. Aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Hubei Fomdas Foods Co., Ltd, Yidu, Hubei de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a bhunaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534 a mhéid a bhaineann le Toyoshima Share Yidu Foods Co, is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán, agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN